Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland





# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027



Clár

**Pictiúir Clúdaigh (C go D):** Myriam Riand, AirSwing Media courtesy of Clare Tourism, Osín McKeogh.

# Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | **Réamhrá** | 02 |
| 01 | **Éire Ildánach 2023–2027** | 04 |
| 02 | **Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae an Chláir** | 06 |
| 03 | **Fís Éire Ildánach don Chlár** | 10 |
| 04 | **Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach** Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 12 |
| 05 | **Tosaíochtaí Straitéiseacha don Chlár** | 14 |
| 06 | **Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae an Chláir** | 18 |
| | **Léarscáil de Chláir** | 19 |


COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR | CLARE COUNTY COUNCIL

# Réamhrá

Tá Comhairle Contae an Chláir, i gcomhair leis an bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta, i mbun oibre go dícheallach le chúig bliana anuas chun an coincheap maidir le léiriú cultúir agus cruthaitheachta a chur chun cinn inár bpobail, bailte agus sráidbhailte agus tacú leis. Rinne an straitéis dheiridh beart de réir a físe "chun a chinntiú go raibh rochtain ag muintir an Chláir ar léiriú cultúrtha tríd an gcruthaitheacht". Is ábhar dóchais a fheiceáil go bhfuair 317 tionscadal ar an iomlán tacaíocht le linn na straitéise agus bhí an t-aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí dearfach agus ina údar misnigh araon. Mar Údarás Áitiúil, déanaimid ár ndícheall a chinntiú go mbíonn fuinneamh cultúir sna háiteanna ina bhfuilimid ag maireachtáil agus ag obair agus go mbíonn ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha á gcoinneáil sna háiteanna seo, atá ríthábhachtach d'obair Chlár Éire Ildánach.

Is é *Cultúr* 2025 a creatbheartas náisiúnta lena sainítear scóip agus ina leagtar amach treo beartais Rialtais don earnáil cultúir ina hiomláine. Aithnítear sa chreatbheartas go leanfaidh Clár Éire Ildánach mar phríomhchreat feidhmithe le cultúr agus cruthaitheacht a chur chun cinn agus a neartú fud fad na hÉireann. Sa bhreis air sin, liostaítear na hEalaíona, an Cultúr agus an Oidhreacht i dTionscadal 2040 mar ghnéithe a thacaíonn le caighdeán saoil. Dá bhrí sin, tá sé oiriúnach, mar an brainse de chuid an stáit is gaire dár saoránaigh, go bhfuilimid i gcruth mhaith lena bheith rannpháirteach go díreach leis na pobail agus le leanúint leis an obair le colún na bPobal Ildánach chomh fada ar aghaidh leis an mbliain 2023 agus níos faide chun cinn ná sin.

Is leanúint ar aghaidh ón gceann roimhe seo fís nua na straitéise seo "cultúr agus cruthaitheacht a neadú isteach i ngníomhaíochtaí, in inbhuanaitheacht agus i bhfás pobail". Cuimsítear uaillmhian bhreise ann sa réimse seo, lena ndéantar iarracht bunchloch a chruthú lena mbeidh pobail faoi bhláth agus in ann fás. Tá sé uaillmhianach ó thaobh na haidhme atá luaite agus beidh sé mar threoirphrionsabal don Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta chomh fada chun cinn leis an mbliain 2027. Is mian liom aitheantas a thabhairt do rathúlacht na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta go dtí seo agus táim ag tnúth go mór le chúig bliana eile ó thaobh fás san earnáil chruthaitheach sa Chlár.

**Pat Dowling, Príomhfheidhmeannach**
Comhairle Contae an Chláir.



The Magic of the Sea, featuring pupils from Fanore National School
**Photograph:** Rosaleen Marion

Is cúis mhór áthais a fheiceáil go leanfaidh Clár Éire Ildánach sa Chlár ar feadh chúig bliana eile. Tuigtear go forleathan go bhfuil earnáil bhríomhar ealaíon agus cultúir againn. Chuir dúshláin thar thréimhse na paindéime roinnt gnéithe trína chéile, ach táthar ag súil go mbeidh cúrsaí ina gceart arís inár saol laethúil agus sna pobail sa chúpla bliain atá amach romhainn. Creidim go mbeidh ról lárnach ag Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta an Chláir ó thaobh tacú leis an mborradh seo. Is é bunsmaoineamh Clár Náisiúnta Éire Ildánach "go mbíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir mar údar leis an gcruthaitheacht phearsanta agus le cruthaitheacht an chomhair agus go dtagann torthaí suntasacha mar gheall air sin maidir le folláine an duine agus an phobail agus lena gcuireann an duine agus an pobal i gcrích" ag teastáil níos mó ná riamh anois.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta tras-Stiúrthóireachta agus do Stiúrthóir na Forbartha Sóisialta a d'oibrigh go dian dícheallach chun an straitéis roimhe seo a sholáthar. Tugann an straitéis nua seo tosaíocht do líon réimsí — saibhriú na bpobal; gníomhú go cruthaitheach ar son na haeráide agus na bithéagsúlachta a chur chun cinn; ceiliúradh a dhéanamh ar mhórtas cine is ceantair; agus tionchar Éire Ildánach sa Chlár a neartú agus a fhorbairt. Creidim gur tosaíochtaí oiriúnacha agus freagrúla atá i gceist leo seo maidir leis an áit ina bhfuilimid faoi láthair inár saol laethúil agus maidir leis an áit nach mór dúinn a bheith.

Táim ag tnúth go mór leis an mbealach a ndéanfar cúrsaí a stiúradh le linn na chúig bliana den straitéis seo atá amach romhainn agus an maidir leis an mbealach a rachaidh sé sin i gcion ar an bpobal.

**An Comhairleoir Tony O'Brien, Cathaoirleach**
Comhairle Contae an Chláir.

# 1 Éire Ildánach
2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Lú agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



Quinn Abbey, Co. Clare.
**Photograph:** AirSwing Media, courtesy of Clare Tourism

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae an Chláir

Cuireadh tús le hÉire Ildánach sa bhliain 2017 mar chlár cultúir agus folláine uile-Rialtais leis an aidhm spreagadh agus athrú ó bhonn a dhéanamh ar dhaoine, ar áiteanna agus ar phobail tríd an gcruthaitheacht. Ciallaíonn an straitéis seo go bhfuil tús á chur le hinfheistíocht bhreise cúig bliana sa chlár ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Is é atá mar chuspóir le Clár Éire Ildánach díriú ar fholláine saoránaigh agus pobail agus a chinntiú go mbíonn an deis ag daoine ar fud na hÉireann a n-acmhainneacht chruthaitheachta a bhaint amach. Sa Chlár, soláthraítear Clár Éire Ildánach i gcomhar le hionadaithe Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta ó ranna Forbartha Ealaíona, Oidhreachta, Tuaithe agus Pobail, Fiontraíochta, Leabharlanna, Cartlanna agus Músaeim Chomhairle Contae an Chláir. Trí ghníomhaíochtaí na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta, rinneadh treoirphrionsabal don rannpháirtíocht chruthaitheach sa straitéis deiridh agus tá siad cuimsithe sa straitéis nua seo freisin. Tá ionadaíocht Tras-Stiúrthóireachta na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta ar cheann de láidreachtaí Chlár an Chláir. Chuir sé an deis ar fáil le forbairt a dhéanamh ar chláir uathúla agus nuálacha agus ciallaigh sé go raibh comhpháirtíochtaí indéanta trí ranna an Údaráis Áitiúil, a chuireann le rannpháirtíocht rathúil pobail.

Aithnítear gur chuir na chéad chúig bliana de Chlár Éire Ildánach sa Chlár le bunchloch láidir ó thaobh gníomhaíochtaí ealaíon agus cultúir de. Bhí borradh faoin gcultúr agus faoin bpobal agus seisiúin cheoil, léiriúcháin amharclainne, cainteanna oidhreachta agus taispeántais le fáil ar fud an chontae. D'oibrigh an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta i dtoll a chéile, chun clár a fhorbairt a bhí tógtha ar phobal cultúrtha agus ealaíona seanbhunaithe sa Chlár, faoi threoir na físe "chun a chinntiú go bhfaigheann muintir an Chláir amach faoi agus go mbíonn rochtain acu ar léiriú cultúrtha trí ghníomhaíocht chruthaitheach", trí thionscadail a sholáthar a chuaigh i gcion ar phobail nua agus ar tháinig fás orthu bliain i ndiaidh bliana.

Áirítear ar líon samplaí rathúla de chláir le cúig bliana anuas:

Is ionann **Comrádaithe Cultúrtha** agus tionscnamh tras-Stiúrthóireachta de chuid Oifig Ealaíon an Chláir, Oifig Forbartha Tuaithe agus Pobail an Chláir agus Comhairle Daoine Breacaosta an Chláir. Tá fás tagtha ar líon na gcomrádaithe ó 83 comrádaí sa bhliain 2019 go 241 comrádaí sa 2022. Is ionann é sin agus líonra sóisialta do dhaoine breacaosta an Chláir ar spéis leo na healaíona, an cultúr, obair dheonach agus bualadh le daoine nua. Trí Chomrádaithe Cultúrtha, is féidir le daoine aonair bailiú le chéile chun sásamh a bhaint as an saol sóisialta agus as saol na n-ealaíon sa Chlár i gcomhluadar daoine eile a bhfuil an dearcadh céanna acu.

Is comhthionscnamh atá i gceist le **Ag Léamh do Thírdhreacha Áitiúil** de chuid Bhord Oiliúna agus Oideachais Luimnigh agus an Chláir (LCETB) agus Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae an Chláir. Is ionann é agus cúrsa oiliúna atá dírithe ar mhuintir an phobail áitiúil a chumhachtú chun fáil amach faoina n-oidhreacht uathúil áitiúil, an oidhreacht sin a aithint, a chur chun cinn agus a chaomhnú. Ag eascairt as rathúlacht an tionscnaimh phíolótaigh sa Scairbh, reáchtáladh an cúrsa i Sráid na Cathrach, Cill Rois, Cill Dalua, an Carn agus i gCill Chisín agus bhí 75 duine den phobal rannpháirteach. Chomh maith leis sin, rinneadh cúrsaí nua a fhorbairt ina raibh Bogearraí iCan, ag Scríobh don Ghréasán agus Cur in Iúl ar na Meáin.

Tá ag éirí thar barr le Ag Léamh do Thírdhreacha Áitiúil ó thaobh a chuid cuspóirí de agus tá sé mar thionscnamh de chuid Phlean Oidhreachta Chontae an Chláir 2017–2023 anois. Comhroinneadh na tionscadail agus na torthaí leis an bpobal ag oícheanta gradam, oícheanta taispeántais agus ar láithreán gréasáin Oidhreacht an Chláir. Thug sé spreagadh do thionscadail bhreise freisin, ar nós soláthar bróisiúir, treoirleabhair, cosáin agus scannáin. Chuaigh rannpháirtithe ar aghaidh chuig cúrsaí Breisoideachais agus Ardoideachais agus chuig cúrsaí Ardoideachais agus Oiliúna agus tá fostaíocht bainte amach ag líon de na rannpháirtithe.

Ba chomhthionscnamh a bhí i gceist le **hAthshlánú Sráidbhaile an Ghorta Mhóir** de chuid Mhúsaem an Chláir agus Rannóg Cartlainne Chontae an Chláir. Is cur chuige ildisciplíneach i leith taighde agus oidhreacht a bhí ann a bhí ar siúl ó 2019 go 2022. Tugadh cuireadh do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonair páirt a ghlacadh i dtochailt seandálaíochta a bhí lonnaithe ar shuíomh teach cónaithe ó aimsir an ghorta mhóir, bhí an tochailt faoi stiúir seandálaí gairmiúil. Áiríodh ar fhionnachtana, bróg agus bonn a chuaigh siar go dtí na 1800aidí luatha. Thug an tionscadal deis do dhaoine aonair blaiseadh a fháil d'fhionnachtana stairiúla agus oidhreachta ar bhealach stuama.

Is sraith de chomhráite ar líne atá i gceist le **podchraoladh Anamacha Cruthaitheacha an Chláir** faoi stiúir Ruairí McKiernan, le grúpa ilghnéitheach de scríbhneoirí, filí, ceoltóirí, drámadóirí agus lucht ceirde atá lonnaithe sa Chlár. Clúdaíodh ábhair idir chleachtais, tionchar agus spreagadh cruthaitheach agus an tábhacht atá le pobal agus braistint phobail don chontae. Bhain an podchraoladh aitheantas amach ar fud an domhain leis na mílte éisteoir.

Thug Róisín Ní Ghallóglaigh agus Clíodhna Donnellan sraith taispeántais ceoil a bhí saincheaptha **Ríleanna ar Rothaí Oirthear an Chláir** chomh fada le gairdíní agus chuig spásanna lasmuigh de thithe cónaithe. Cuireadh an taispeántas ar fáil do dhaoine nach raibh ar a gcumas freastal ar thaispeántais bheo in ionaid. Bhí gach aon taispeántas saincheaptha ó thaobh spéis agus riachtanais an lucht féachana. Bhí sraith de choirmeacha ceoil idir na ceoltóirí agus an lucht féachana ar siúl a bhí thar a bheith cairdiúil agus fáilte á chur roimh na ceoltóirí chuig tithe cónaithe na ndaoine.

Is féile scannán do dhaoine óga atá i gceist le **Féile Scannán Sparks na Óg** a bhíonn ar siúl ar bhonn bliantúil in Oirthear an Chláir. Cuireann an fhéile ardán ar fáil do dhaoine óga trí mheán na scannán. Bíonn mic léinn rannpháirteach i gceardlanna, áit a bhfoghlaimíonn siad faoi gach gné de léiriú scannáin. Ansin taispeántar na scannáin a dhéantar ag an bhféile ag taispeántas speisialta i Leabharlann na Scairbhe. Tá gradaim bainte amach go minic acu ag an bhFéile Scannán Fresh, an fhéile náisiúnta scannán do dhaoine óga.

Mar fhreagra ar rannpháirtíocht an phobail sa chlár, rinne Éire Ildánach an Chláir gairm oscailte amach pobail bliantúil a stiúradh le chúig bliana anuas agus mar thoradh air sin tá maoiniú faighte ag os cionn 150 tionscadal pobail go dtí seo. Cuimseofar gach gné de na healaíona, den oidhreacht agus den chultúr sna tionscadail, lena n-áirítear, taispeántais ceoil, léiriúcháin amharclainne, cur i láthair raidió, scríbhneoireacht chruthaitheach, rince agus scannánaíocht.

Ar mhaithe lenár dtuiscint ar an méid nach mór dúinn a bhaint amach sna cúig bliana atá romhainn, tá athbhreithniú déanta ar an gcomhthéacs socheacnamaíoch níos leithne, ag súil le fócas na straitéise seo a threorú. Sa chomhthéacs seo, aithnítear go bhfuil clú ar an gClár mar gheall ar a oidhreacht nádúrtha le tírdhreach garbh Bhoirne, ceantar cósta ina bhfuil Aillte an Mhothair, nach bhfuil a sárú le fáil agus réileáin láibe Inbhear na Sionainne. Tá aird ar leith tarraingthe ag an gcontae mar gheall ar thalmhaíocht, turasóireacht agus áilleacht, chomh maith lena bheith ina cheantar ina bhfuil borradh ag teacht faoi fhorbairt eacnamaíoch; tá bailte Inse agus Shionainne ina gceantair forbartha príomha freisin ar an gCósta Thiar atá ag mealladh infheistíocht mhór thionsclaíoch do Réigiún an Iarthair.

De réir Dhaonáireamh 2022, ba 127,419 duine daonra an Chláir. Léirigh sé sin ardú de 7.2% ón mbliain 2016, a chiallaíonn go bhfuil sé ar an dara contae is mó sa Mumhan atá ag fás. In ainneoin an ardaithe seo, tá laghdú ag teacht ar an daonra i roinnt ceantair faoin tuath sa Chlár, leis an bhfás is mó ar an daonra in Inis agus ar an taobh Thoir Theas den chontae. Féachtar ar an ardú reatha ar an daonra, atá ag tarlú mar gheall ar an gcogadh san Úcráin i roinnt bailte agus sráidbhailte mar ardú sealadach faoi láthair. Chomh maith leis an mbearna leathnaithe sna figiúirí daonra idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe, tá difríocht ann ó thaobh aoiseanna freisin; tá 40% de dhaonra an chontae faoin tuath sa Chlár in aois idir 65+ agus gan ann ach 26% de dhaoine óga an chontae (<15 bliain). Léirítear sna figiúirí is deireanaí go bhfuil 25% den fhostaíocht sa Chlár i bpobail tuaithe agus go bhfuiltear ag brath ar earnálacha traidisiúnta ar nós, talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht. Léiríonn na figiúirí seo cásanna iargúltachta i measc dhaonra an Chláir atá níos sine, turais fhada d'oibrithe oilte agus easpa tacaíochtaí teaghlaigh i gceantair thuaithe.

Agus breithniú á dhéanamh ar bhunús socheacnamaíoch an chontae atá ag athrú, tá flúirse straitéisí ann a thugann tosaíocht anois do ghnéithe

folláine agus comhtháthaithe shóisialta. Tá fócas as an nua sa Chlár ar bheartas agus ar infheistíocht ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta chun críocha athbheochana, folláine pobail agus forbairt eacnamaíoch. Aithnítear leis an bhfócas seo an ról atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht i bhfás rathúil pobail.

Déanann Tionól Réigiúnach an Deiscirt (SRA) iarracht laistigh de Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha an Deiscirt (RSES), léarscáiliú a dhéanamh ar réimsí cultúir, oidhreachta agus turasóireachta ar díol suntais agus scála iad ó thaobh forbairt gheilleagrach. Déanann an Tionól iarracht freisin an réigiún a chur chun cinn trí straitéis lena mbaineann fócas idirnáisiúnta ar an oidhreacht agus ar an gcultúr, agus feictear go bhfuil feabhas a chur ar ilghnéitheacht, teanga, cultúr agus oidhreacht lárnach ó thaobh feabhas a chur ar fholláine agus ar chaighdeán saoil.

Ba í Comhairle Contae an Chláir an chéad Údarás Áitiúil a bhunaigh Stiúrthóireacht Forbartha Pobail. Éilíonn *Straitéis Forbartha Tuaithe an Chláir 2026* cur chuige nua a "aithníonn deiseanna d'fhás geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha". Chomh maith leis sin, tá tosaíocht tugtha ag Comhairle Contae an Chláir, trí fhorbairt *Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Inse 2040*, d'infheistíocht isteach, pleanáil spáis agus caomhnú oidhreachta a mhealladh agus saoráidí cultúrtha a chruthú ar mhaithe leis na pobail a fheabhsú.

Luaitear i *nDréachtphlean Forbartha Chontae an Chláir 2023–2029* freisin fís a dhéanann "ceannaire náisiúnta i ngníomhú ar son na haeráide, sa chruthaitheacht, sa chultúr, san oidhreacht, sa turasóireacht agus i mbainistíocht comhshaoil" de Chontae an Chláir. Déantar tuilleadh tagairtí do *Phlean Corparáideach 2019–2024* Chomhairle Contae an Chláir féin don chultúr ní hamháin sna réimsí ar nós na turasóireachta ach go gcuireann sé le hionchuimsiú sóisialta, athghiniúint, caighdeán saoil, gníomh ar son na haeráide agus forbairt gheilleagrach.

Aithnítear i bplean forbartha Ealaíona an Chláir, *Flourish 2019–2023* "an chruthaitheacht uathúil atá againn inár bpobail agus iarracht á déanamh againn ár gcomhacmhainneacht cruthaitheach a threisiú". Sonraítear "an gá le tacaíocht a thabhairt do léiriú cruthaitheach agus do phobail" mar chuspóir straitéiseach sa Phlean Forbartha Leabharlainne *Cairtiú na Todhchaí 2 2016–2021"*.

Ar deireadh, tá glaoch do shochaí atá saibhir ó thaobh cultúir de, le haitheantas láidir i measc téamaí cáilíochta saoil, sláinte agus folláine i *bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016–2022.*

Tá sé soiléir ó seo, go bhfuil infheistíocht i gcultúr agus i gcruthaitheacht ag leibhéal áitiúil laistigh de phobail mar chuid lárnach de bheartais phoiblí agus aithnítear é mar ghné chun fás agus inbhuanaitheacht a bhaint amach. Déanann sé athdhearbhú ar phrionsabail agus luachanna Éire Ildánach féin agus déanann neartú breise ar a gcuid aidhmeanna agus cuspóirí mar atá leagtha amach do na cúig bliana atá amach romhainn.

Áiríodh roinnt machnaimh ar *Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta an Chláir 2018–2022* sa nós imeachta ó thaobh fhorbairt na straitéise seo; cad a foghlaimíodh agus cibé ar freastalaíodh nó nár freastalaíodh ar na cuspóirí. Rinne Éire Ildánach an Chláir, le linn shaolré na straitéise, maoiniú ar 317 tionscadal a bhí ina dtionscnaimh don Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta, Cruinniú na nÓg, nó á maoiniú tríd an gciste bliantúil maidir le Dámhachtainí Tionscadail, le hinfheistíocht iomlán de €854,823. Chlúdaigh tionscadail réimse leathan seánraí, lena n-áirítear, scannáin, ceol, taighde, ginealas, ailtireacht, Gaeilge, ealaín sráide, béaloideas, oidhreacht, rince, an focal labhartha, bithéagsúlacht, litríocht agus forbairt chruthaitheach.

Tugadh faoi chomhairliúchán poiblí agus an straitéis nua seo á forbairt trí shuirbhé agus trí ghrúpaí fócais. Nuair a fiafraíodh "An bhfuair tú féin/do phobal tacaíocht ó chlár Éire Ildánach an Chláir", d'fhreagair 83% "go bhfuair" agus d'fhreagair 17% "nach bhfuair". Fuarthas freagra ar cheist eile "Cé chomh tábhachtach is atá Clár Éire Ildánach sa Chlár do dhuine aonair nó d'eagraíocht" — d'fhreagair 60% "go raibh an clár thar a bheith tábhachtach" nó "an-tábhachtach" agus d'fhreagair 17% go raibh an clár "saghas tábhachtach". Nuair a fiafraíodh cé chomh maith is a bhí an straitéis reatha ó thaobh tosaíochtaí a sholáthar, thug duine amháin freagra ar an suirbhé "Chinntigh an straitéis deiseanna inrochtaineachta chuig cláir agus tionscadail a bhí bunaithe ar an gcultúr don uile dhuine agus sholáthraigh cur chuige comhoibríoch i leith oibre."

Tá teagmháil déanta ag Clár Éire Ildánach leis na céadta, idir sean agus óg i gContae an Chláir le chúig bliana anuas. Agus machnamh á dhéanamh acu cad a chiallaigh Clár Éire Ildánach dóibh, rinneadh na tuairimí seo a leanas a thaifeadadh:

"Chuir an fhís cultúir atá curtha i láthair ag Comhairle Contae an Chláir an cumas ar fáil tionscnaimh ar nós Ríleanna ar Rothaí Oirthear an Chláir, ceol agus amhráin a thabhairt chomh fada le tairseach na ndaoine. Chuir tiomantas Cruthaitheachta an Chláir d'fholláine pobail trína healaíona, a dtacaíocht agus a spreagadh taobh thiar de gach cineál oidhreacht chultúir agus traidisiún, ar ár gcumas ealaín a thabhairt chomh fada leis na daoine nach mbeadh rochtain acu ar a leithéid seachas sin.

**An Dr Róisín Ní Ghallóglaigh**
**— Faighteoir Dámhachtain Tionscadail**

"Tá claonadh ó dhúchas i muintir Chontae an Chláir i leith a n-oidhreacht chultúir. Léirítear é seo sna hoiriúnuithe difriúla maidir le cad a chiallaíonn cultúr trí Thionscadail Éire Ildánach. Sa chartlann, mar shampla, tá fianaise láidir den mheas ollmhór a bhí ag na daoine a chuaigh romhainn ar fhoinsí stairiúla an Chláir. Tá síorthóraíocht ann ar eolas chun a theacht ar an scéal a bhaineann leis an am a caitheadh chun tuiscint a fháil ar an am i láthair."

**Rene Franklin**
**— Cartlannaí Contae an Chláir**

"Chuidigh tacaíocht Éire Ildánach le Music Generation oideachas ceoil a thabhairt chomh fada le leanaí agus le daoine óg an Chláir le blianta beaga anuas. Mar gheall air seo, tá fianaise le feiceáil againn ar an léim ollmhór sa chruthaitheacht tríd an gceol agus go háirithe an líon mór foghlaimeoirí óga atá rannpháirteach in oideachas taibhithe ceoil. Chuidigh sé le glúin nua ceoltóirí óga a gcur chuige féin i leith an cheoil a chruthú ón bhonn aníos."

**Pádraig Rynne**
**— MDO Music Generation an Chláir.**

"Is eispéireas iontach agus inspioráideach a bhí i gceist lena bheith i mbun coimeádaíochta ar Chruinniú na nÓg do Chontae an Chláir. Tugann clár Éire Ildánach an Chláir seo an deis do dhaoine óga iad féin a chur in iúl trí chlár coimeádaíochta sonrach de ghníomhaíocht chultúir agus cruthaitheachta. Cruthaíonn an tionscnamh seo deis d'ealaíontóirí agus do dhaoine cruthaitheacha a dtallann a chur ar taispeáint agus daoine óga a spreagadh chun taitneamh a bhaint as, blaiseadh a fháil de agus a bheith rannpháirteach i raon gníomhaíochtaí, deiseanna agus imeachtaí cruthaitheacha."

**Sheila Quinn**
**— Coimeádaí, Cruinniú na nÓg**

"Rinneadh Ag Léamh do Thírdhreacha Áitiúil a leagan amach chun muintir an phobail áitiúil a chumhachtú ar mhaithe lena n-oidhreacht uathúil áitiúil a fhiosrú, a aithint, a chur chun cinn agus a chaomhnú. Táimid ríméadach agus is mór an phribhléid dúinn a bheith rannpháirteach le Comhairle Contae an Chláir sna comhthionscnaimh seo a chuidíonn linn plé le foghlaimeoirí óga, lena n-áirítear, na foghlaimeoirí seo is deacra a theacht orthu. Is bealach iontach atá sa chultúr ó thaobh a bheith rannpháirteach le agus foghlaimeoirí a spreagadh agus bainfimid leas as gach deis a bhíonn ar fáil. Gan amhras, tá sonas agus sástacht a thagann ó cheangal le daoine, le háit agus leis an am a caitheadh chun teacht ar "Mhórtas Áite" an duine ina bpobal féin, ar an éacht is mó atá á bhaint amach ag an tionscnamh."

**Margaret Lynch**
**— Ag Léamh do Thírdhreacha Áitiúil, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

"Chuidigh na himeachtaí éagsúla a bhí ar siúl le Comrádaithe Cultúir liom teacht amach as mo chrios chompord go hiomlán. Bhí mé sách scoite amach roimh COVID-19 ach d'athraigh rannpháirtíocht sna Comrádaithe Cultúir mo shaol go hiomlán. Bhain mé an-sásamh as an turas chuig Inis Cathaigh agus chas mé le go leor daoine spéisiúla. Thug an méid atá thuas an mhuinín dom a bheith rannpháirteach i ngrúpaí spéisiúla ar nós, grúpaí ceardaíochta, canadh in éineacht, filíocht agus clubanna leabhar."

**Comhalta de na Comrádaithe Cultúir**

# 3 Fís Éire Ildánach don Chlár

**Tá sé mar fhís againn do Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta an Chláir, cultúr agus cruthaitheacht a neadú i ngníomhaíochtaí, in inbhuanaitheacht agus i bhforbairt pobail.**

Tá sé mar chuspóir le Clár Éire Ildánach rannpháirtíocht in imeachtaí atá bunaithe ar chultúr a éascú do dhaoine aonair agus do ghrúpa ar fud gach earnáil den tsochaí. Aithnítear agus tacaítear le hacmhainneacht an chultúir agus na cruthaitheachta chun feidhmiú mar chatalaíoch don fholláine, do chomhtháthú sóisialta, don nuálaíocht agus d'fhás. Is é *Pobail Ildánacha* (Colún 2) príomhcholún Chlár Éire Ildánach, le fócas straitéiseach ar chomhoibriú agus ar chruthaitheacht a chur i gcroílár beartas poiblí. Tá ról ceannaireachta ag Údaráis Áitiúla i gcomhtháthú agus i gcomhoibriú ar fud earnálacha éagsúla mar gheall ar a struchtúr eagraíochtúil, saineolas agus naisc leis an bpobal ag leibhéal áitiúil. Trí úsáid a bhaint as na hÚdaráis Áitiúla chun colún na bPobal Ildánach a sholáthar, tá cultúr agus cruthaitheacht comhtháite i ngach earnáil den phobal trí bheartas, cleachtas agus rannpháirtíocht.

Déanfaidh an fhís agus na tosaíochtaí atá leagtha amach sa straitéis seo gníomhartha Chomhairle Contae an Chláir agus a Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta a stiúradh agus iad ag tabhairt aghaidh ar a gcuid cuspóirí do cholún Chlár Éire Ildánach agus Pobail Ildánacha sna cúig bliana atá amach romhainn. Aithníodh, trí comhairliúcháin phoiblí, treonna agus réimsí nua riachtanais a rinne múnlú ar an bhfís agus ar na tosaíochtaí straitéiseach don bhliain 2023 ar aghaidh.

Cuirfidh Comhairle Contae an Chláir lena láidreachtaí a tháinig chun tosaigh ón goéad straitéis chun a cuspóirí a bhaint amach sna chéad chúig bliana atá amach romhainn. Tá an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta ar cheann de na láidreachtaí seo, a chuimsíonn ionadaithe ó na hearnálacha Leabharlainne, Ealaíon, Oidhreachta, Cartlann, Músaem, Fiontraíocht Áitiúil agus Forbairt Tuaithe agus Pobail. Cumasaíonn an comhoibriú tras-Stiúrthóireachta seo an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta chun cláir a sholáthar atá straitéiseach agus atá comhtháite i gcleachtas agus ag teacht leis an iliomad beartas poiblí.

Tá sé i gceist ag an bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta leanúint le hacmhainneacht cruthaitheachta pobail ar fud an chontae a chothú agus a fhorbairt, trí chláir agus tionscadail cultúir agus cruthaitheachta a thacaíonn le folláine, caighdeán saoil agus le teacht aniar. Leanfar leis an obair ó thaobh tacú le daoine aonair, pobail, bailte agus sráidbhailte chun tionscadail agus cláir chruthaitheachta a fhorbairt atá múnlaithe thart ar a gcuid riachtanais agus ábhar spéise agus a chruthaíonn spás don rannpháirtíocht, don nascacht agus don chomhoibriú. Cuirfimid leis an mbonn láidir atá bainte amach le cúig bliana anuas chun tacú le tionchar agus le hoidhreacht fadtéarmach is féidir a chothabháil amach anseo agus an méid sin á dhéanamh againn, cuirfimid luach an chultúir agus na cruthaitheachta chun cinn mar chuid ríthábhachtach den saol laethúil.



Lahinch, Co. Clare. **Photograph:** Brian Morrison, courtesy of Clare Tourism

# 4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach

## Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

- **Beartas** — Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;
- **Cleachtadh** — Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh *Pobail Ildánacha* de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.
- **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus
- **Comhpháirtíocht** — Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil–idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.



Fidget Feet, Co. Clare. **Photograph:** Tom Micks





Fidget Feet, featuring Sara Granda Alvarado, Co. Clare. **Photograph:** Tom Micks

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha don Chlár

Aithníodh ár dtosaíochtaí straitéiseacha trí athbhreithniú inmheánach agus trí chomhairliúchán poiblí. Is é atá mar chuspóir leis na tosaíochtaí seo breac-chuntas agus treo a thabhairt maidir le Clár Éire Ildánach sa Chlár sna chéad cúig bliana atá amach romhainn. Tógann siad san áireamh gnéithe sóisialta, geilleagracha agus comhshaoil don am i láthair agus don am atá romhainn a mbíonn tionchar acu ar an mbealach a mairimid, a n-oibrímid agus a nascaimid lena chéile.

### 1. Pobail a Shaibhriú

Leanfaidh an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta le tacaíocht a thabhairt don chultúr agus don chruthaitheacht sna pobail agus cinnteoidh go léireoidh an tacaíocht seo déimeagrafach mhuintir an Chláir atá ag athrú.

Is faoi colún *Pobail Ildánacha* an colún a dtugann na húdaráis áitiúla faoina Chlár Éire Ildánach. Tá an acmhainneacht agus an saineolas ag Údaráis Áitiúla tionscadail Éire Ildánach a sholáthar trí réimse leathan seirbhísí, lena n-áirítear, turasóireacht, sláinte, tithíocht, na healaíona, forbairt pobail agus tuaithe agus forbairt eacnamaíoch. Rinne dhá earnáil nó níos mó de Chomhairle Contae an Chláir forbairt ar roinnt de na tionscadail is rathúla atá againn le cúig bliana anuas. Tá rathúlacht na gclár seo le feiceáil san fhás leanúnach i rannpháirtíocht pobail bliain ar bhliain. Leanfaidh an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag obair le prionsabal comhoibrithe tras-Stiúrthóireachta chun rannpháirtíocht rathúil le pobail amach anseo a chinntiú.

Admhaítear go raibh dúshláin shuntasacha i ndán do phobail sa Chlár ó cuireadh tús le Clár Éire Ildánach sa Chlár sa bhliain 2017. Tá tionchar imeachtaí domhanda ar nós na paindéime, tubaiste aeráide agus coimhlint feiceálach ar fud an chontae. Léirigh freagra an phobail sa Chlár i leith na n-imeachtaí seo, an gá le nascacht shóisialta, gníomhaíocht agus comhtháthú pobail agus an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith acu seo nuair a fhaigheann siad tacaíocht. Thug Clár Éire Ildánach tacaíocht do thionscadail agus thug aghaidh ar na riachtanais seo san am a caitheadh. Ag féachaint chun cinn ar na chéad cúig bliana atá romhainn, tacóidh an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta le riachtanais na bpobal nua agus na bpobal atá ag teacht chun cinn trí thionscadail atá múnlaithe thart ar riachtanais agus ar ábhar spéis na déimeagrafaice atá ag athrú.


Déanfaidh an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta cothú freisin ar chaidreamh idir cleachtóirí ildisciplíneacha agus pobail. Cuirfear saineolas agus ceannaireacht ar fáil ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil na cláir atá á bhforbairt straitéiseach agus spriocdhírithe agus go mbíonn toradh rathúil orthu leis an tionchar is fearr is féidir a bhaint amach.

### 2. Mórtas Cine is Ceantair agus Muintearas a Cheiliúradh

Spreagfaidh an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta aitheantas agus comhtháthú pobail trí thuiscint cultúir agus léiriú cruthaitheach. Déantar mórtas cine is ceantair a fhorbairt le himeacht ama. Baineann sé le muintearas a thagann ó sheanchaíocht, stair, naisc teaghlaigh agus ó chairdeas. Bíonn sé faoi thionchar ag a gcuid luachanna, stair phearsanta, cá as ar fáisceadh sinn agus cén fáth a bhfuilimid anseo.

Is féidir le léiriú cruthaitheach cuidiú a thabhairt dúinn mórtas cine is ceantair a aithint, a thuiscint agus a cheiliúradh. Trí mhórtas cine is ceantair a léiriú go poiblí, taispeánaimid do dhaoine eile inár bpobal cad atá i gceist le huathúlacht agus a bheith mar chuid de phobal. Tacóidh an Straitéis le tionscadail a chuireann tuiscint chultúrtha agus ról na cruthaitheachta agus léiriú cultúrtha chun cinn ó thaobh féiniúlacht agus muintearas.

Tá sé intuigthe go gcuidíonn ceiliúradh a dhéanamh ar mhórtas cine is ceantair le comhcheangailteacht shóisialta agus le comhtháthú a chur chun cinn. Tacóidh Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta le cláir agus le tionscadail a chuireann ar chumas pobail agus daoine aonair nascadh lena dtimpeallacht agus lena chéile. Tacófar le tionscadail ó dhisciplíní ilghnéitheacha




*Faces of Clare*, featuring Jimi Coughlan, Jimi's Barbershop Kilrush. **Photograph:** Osín McKeogh.

a sholáthraíonn rochtain chuig stair chultúir an chontae agus a spreagann daoine agus pobail féiniúlacht a chruthú maidir leis an stair seo.

Nuair a thugaimid aitheantas do mhórtas cine is ceantair pobail, táimid ag caomhnú stair chultúir na háite do na glúnta atá le teacht. Tacóidh an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta le tionscadail a léiríonn agus a chaomhnaíonn oidhreacht, cultúr agus stair inbhraite agus dobhraite an Chláir. Cuirfidh na tionscadail seo deiseanna ar fáil maidir le freagra cruthaitheach ar stair agus ar oidhreacht áite agus spreagfaidh tuiscint níos doimhne ar stair ár bpobail agus ar an mbealach ar bunaíodh iad.

### 3. Gníomh Chruthaitheach ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta a chur chun cinn

Aithnítear go bhfuil an domhan ag dul trí mhóréigeandáil aeráide agus géarchéim bithéagsúlachta agus go bhfuil saol plandaí, ainmhithe agus beathra muirí faoi bhagairt, a chiallaíonn díghrádú agus cailliúint gnáthóige. Tuigtear freisin go bhfuil na príomhbhagairtí ag teacht ó threisiú talmhaíochta, foraoiseacht tráchtála faoi dhrochbhainistíocht, baint mhóna, glanadh agus forbairt talún, athrú aeráide agus speiceas coimhthíoch ionrach. Sheol an Rialtas, i Meitheamh 2019, *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide* chun Dul i nGleic le Cliseadh Aeráide agus aithnítear go soiléir sa phlean seo nádúr agus scála na ndúshlán a bhaineann le hÉirinn a bhogadh i dtreo na sprice chun bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí carbóin de faoin mbliain 2050. Tá glactha ag Comhairle Contae an Chláir, mar fhreagra ar an dúshlán seo, le Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019 -2024 de réir fhorálacha an *Achta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 agus an Chreata Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide (NAF),* 2018. Meastar go háitiúil go bhfuil na dúshláin atá á gcur i láthair ag athrú aeráide líonmhar agus éagsúil agus téann siad ó shamhraí atá éirí níos teo, tuilleadh báistí, tuillte, leibhéil na farraige ag ardú agus stoirmeacha níos déine sa gheimhreadh.

Tá tionchar athraithe aeráide den sórt sin á mbrath againn i gContae an Chláir ar bhonn rialta. Rinne Éire Ildánach coimisiúnú ar thuarascáil, *Rannpháirtíocht an Phobail san Athrú Aeráide trína hEarnálacha Cultúrtha agus Cruthaitheachta (2020),* ina ndéantar cur síos ar an mbealach inar féidir leis na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta ról ríthábhachtach a bheith acu ó thaobh daoine a chumasú le tuiscint a fháil air agus ciall a bhaint as agus a bheith rannpháirteach le gnéithe líonmhara athraithe aeráide. "Tá an cultúr mar bhealach chumhachtach do rannpháirtíocht an phobail, go stairiúil bhíodh ról ríthábhachtach ag ealaíontóirí, cleachtóirí cultúir agus cruthaitheachta in athruithe sóisialta agus polaitiúla. Déanann go leor cineálacha léirithe cultúir iarracht aghaidh a thabhairt ar chastacht agus tugann aghaidh ar dhúshláin ar bhealaí atá conspóideach agus tarraingteach."

Tá sé mar aidhm le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta an Chláir 2023–2027 tacú le gníomh ar son na haeráide agus na bithéagsúlachta ag leibhéal pobail agus saoránach trí scéim deontais gairme oscailte. Díreofar na freagraí cruthaitheacha ar shaincheisteanna ó thaobh athrú aeráide agus bithéagsúlachta le béim bhreise ar rannpháirtíocht na saoránach. Samhlaítear go mbainfear cur chuige láidir straitéiseach amach trí thacú le Straitéis um Ghníomhú ar Son na hAeráide an Údaráis Áitiúil féin atá ceangailte leis an tosaíocht seo.

### 4. Tionchar Éire Ildánach ar Chontae an Chláir a Neartú agus a Fhorbairt

Cuimsíonn foireann tras-Stiúrthóireachta Éire Ildánach áitiúil daoine aonair le scileanna i go leor réimsí cultúir agus pobail. Tá taithí mhór bainte amach ag an bhfoireann seo le cúig bliana anuas ó chiall a bhaint as an straitéis roimhe seo agus ag gníomhú ar an iliomad clár agus tionscadal a bhfuil cion curtha acu le feabhsúchán láidir na n-ealaíon agus an chultúir sa chontae araon.

Leanfar leis an scéim deontais gairm oscailte sa straitéis nua ach déanfaimid iarracht na téarmaí tagartha a leathnú agus oibriú le "pobail ar díol spéise iad" — na grúpaí sin inár bpobail a bhfuil spéis agus scil acu i réimsí áirithe. Áirítear orthu seo, ealaíontóirí, gníomhaithe timpeallachta, soláthróirí oidhreachta agus iad siúd atá rannpháirteach sna tionscail chruthaitheacha agus i measc scannáin agus beochana agus i measc ceirdeanna eile. Táimid eolach freisin maidir le pobail nach bhfuil chomh tógtha le léiriú cruthaitheach mar gheall ar chúiseanna éagsúla atá casta go minic. Déanfaimid iarracht teagmháil a dhéanamh leis na pobail seo agus cinnteoimid go mbíonn rochtain mar chuspóir seasta i gcónaí laistigh de na tionscadail agus de na cláir a mbeidh forbairt á dhéanamh orthu.

Tá ceacht foghlamtha freisin ó éisteacht leis an mbealach ar fheidhmigh straitéisí eile Éire Ildánach agus fiosróimid acmhainneacht maoinithe do thionscadail ar mhórscála sna chéad chúig bliana atá amach romhainn ag cinntiú go mbaintear leibhéal inbhuanaitheachta amach. Agus tuiscint againn go bhfuil an straitéis seo á cur le chéile in aghaidh cúlra an iliomad eachtraí náisiúnta agus domhanda, eachtraí atá thar a bheith dúshlánach, tá sé tábhachtach go ndéanaimid iarracht, más gá, tacaíocht a chur i dtreo pobail ar bhealach freagrúil. Ar deireadh, d'fhéadadh tionchar a bheith mar thoradh ar líon straitéisí ag teacht le chéile — laistigh dár nÚdarás Áitiúil féin agus ó lasmuigh araon. Tá sé mar aidhm leis an straitéis seo tacaíocht a thabhairt freisin do chláir agus do thionscadail den chineál céanna atá dírithe thart ar Éire Shláintiúil, Aoisbháúil, na hEalaíona, an Ghaeilge, an Leabharlann agus Pleananna Oidhreachta.

The Cliffs of Moher, County Clare.
**Photograph:** AirSwing Media, courtesy of Clare Tourism



# 6 Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae an Chláir

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag feidhmiú i gComhairle Contae an Chláir chun an Straitéis seo a threorú agus a chur i bhfeidhm.

Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

**Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:**

— Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;

— Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;

— Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil; Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.


— Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus

— A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh — tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

Tá soláthar na Straitéise a stiúradh ag an Stiúrthóir Seirbhísí don Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta. Áirítear ar chomhaltaí na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta do Chomhairle Contae an Chláir, Anne Haugh, Stiúrthóir Seirbhísí; Helen Walsh, Leabharlannaí Contae; Siobhán Mulcahy, Oifigeach Ealaíon; Congella Maguire, Oifigeach Oidhreachta; John Rattigan, Coimeádaí Mhúsaem an Chláir; Sinéad Dixon-Slattery, Oifig Fiontair Áitiúil; Niamh O'Donovan, Leabharlannaí Feidhmiúcháin; Karen Fennessy, Oifigeach Forbartha Tuaithe agus Pobail; agus Rene Franklin, Cartlannaí an Chláir.

Tá na struchtúir agus na próisis seo mar ghné rathúlachta ríthábhachtach agus déanfaidh *Pobail Ildánacha* a chumasú leis na tosaíochtaí straitéiseacha a sholáthar don Chlár.

## Léarscáil de Cheantar agus de Cheantair Bhardasacha Chomhairle Contae an Chláir 2022



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*